

Tír neamhspleách

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi reifreann ar neamhspleáchas in Albain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na frásaí Gaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na frásaí Béarla thíos.

1. British Prime Minister	a. <i>ina leagtar amach na téarmaí</i>
2. Scottish First Minister	b. <i>athrú ó bhonn</i>
3. in which the terms are laid out	c. <i>casta agus teasaí</i>
4. in so far as	d. <i>Príomh-Aire na Breataine</i>
5. U-turn	e. <i>mar cheann stáit</i>
6. supports	f. <i>sa mhéid is gur</i>
7. to measure something	g. <i>Céad-Aire na hAlban</i>
8. complicated and heated	h. <i>...a thomhas</i>
9. as head of state	i. <i>nár bh fhiú</i>
10. that it would not be worth it	j. <i>a thacaíonn</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Anois féach ar an mhír den dara huair agus abair an bhfuil na habairtí seo thíos **fíor** nó **bréagach**:

1. Reáchtálfar an reifreann roimh dheireadh na bliana 2014.
2. Beidh níos mó ná ceist amháin mar chuid den reifreann.
3. Beidh cead vótála ag déagóirí ó sé bliana déag ar aghaidh.
4. Tá ceist an reifrinn casta go leor do mhuintir na hAlban.
5. D'admhaigh Alex Salmond gur mhaith leis bheith mar chuid den euro.
6. Deir David Cameron gur mór is fiú d'Albain a bheith neamhspleách.

Ceist 3

'...a aontú...'

1. Caithfidh mé a lán obair bhaile (déan) a _____.
2. An féidir leat an doras (oscail) a _____?
3. Ar mhiste leat an fhuinneog (dún) a _____?
4. Bhí ar mo mháthair an litir (cuir) a _____ sa phost roimh a cúig a chlog.
5. Tá orm aiste (scríobh) a _____ agus dán (foghlaim) a _____.
6. An bhféadfá airgead (tabhair) a _____ dom, le do thoil?
7. Caithfidh mé rud éigin (abair) a _____ leis.
8. Ba cheart duit sos (tóg) a _____.
9. Caithfidh tú (imigh) _____ ann ag an deich a chloig.
10. Ná déan dearmad do dhinnéar (ith) a _____.

Ceist 4 ‘...roimh dheireadh na bliana...’

- (a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal ‘deireadh’?
- (b) An dtagann séimhiú ar an ainmfhocal tar éis na réamhfhocal simplí seo ar fad?

ar, faoi, roimh, as, do, de, mar, ó, chuig

- (c) Éist leis an sliocht seo ón tuairisc – cuir tic in aice leis an fhocal ceart a chloiseann tú sa mhír.

Lá stairiúil ó **(thaobh) (taobh)** na polaitíochta ba ea an lá inniu do **(mhuintir) (muintir)** na hAlban. Thug Príomh-Aire na Breataine David Cameron cuairt ar **(phríomhchathair) (príomhchathair)** na hAlban níos túsce chun téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban a aontú le Céad-Aire na hAlban, Alex Salmond. Ó tharla an comhaontú sínithe anois beidh rialtas na hAlban ag díriú ar an reifreann a réachtáil agus deir David Cameron inniu i nDún Éideann go gcaithfí sin a dhéanamh roimh **(dheireadh) (deireadh)** na bliana 2014. Ceist amháin a bheas le freagairt ag pobal na hAlban, is é sin, ar cheart nó nár cheart d’Albain imeacht as an Ríocht Aontaithe.

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Dá mbeifeá i do chónaí in Albain an mbeadh neamhspleáchas uait, dar leat?
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le neamhspleáchas in Albain, dar leat?
- An gcuirfeadh sé isteach ort dá mbeadh Banríon Shasana ina ceann stáit ar Éirinn go fóill? Cén fáth?

Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	g	a	f	b	j	h	c	e	i

Ceist 2

1. Fíor
2. Bréagach
3. Fíor
4. Fíor
5. Bréagach
6. Bréagach

Ceist 3

1. Caithfidh mé a lán obair bhaile **a dhéanamh**.
2. An féidir leat an doras **a oscailt**?
3. Ar mhiste leat an fhuinneog **a dhúnadh**?
4. Bhí ar mo mháthair an litir **a chur** sa phost roimh a cúig a chloig.
5. Tá orm aiste **a scríobh** agus dán **a fhoghlaim**.
6. An bhféadfá airgead **a thabhairt** dom, le do thoil?
7. Caithfidh mé rud éigin **a rá** leis.
8. Ba cheart duit sos **a thógáil**.
9. Caithfidh tú **dul** ann ag an deich a chloig.
10. Ná déan dearmad do dhinnéar **a ithe**.

Ceist 4

- (a) Tagann séimhiú tar éis an réamhfhocail shimplí **roimh**.
- (b) Séimhiú: ar / faoi / roimh / do / de / mar / ó agus gan séimhiú: as / chuig
- (c) Lá stairiúil ó **(thaobh)** na polaitíochta ba ea an lá inniu do **(mhuintir)** na hAlban. Thug Príomh-Aire na Breataine David Cameron cuairt ar **(phríomhchathair)** na hAlban níos túisce chun téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban a aontú le Céad-Aire na hAlban, Alex Salmond. Ó tharla an comhaontú sínithe anois beidh rialtas na hAlban ag díriú ar an reifreann a reáchtáil agus deir David Cameron inniu i nDún Éideann go gcaithfí sin a dhéanamh roimh **(dheireadh)** na bliana 2014. Ceist amháin a bheas le freagairt ag pobal na hAlban, is é sin, ar cheart nó nár cheart d'Albain imeacht as an Ríocht Aontaithe.

Ceist 5

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Tá téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban aontaithe idir Príomh-Aire na Breataine agus Céad-Aire na hAlban. I nDún Éideann inniu shínigh David Cameron agus Alex Salmond comhaontú ina leagtar amach na téarmaí. Reáchtálfar an reifreann roimh dheireadh na bliana 2014.

Áine Lally

Lá stairiúil ó thaobh na polaitíochta ba ea an lá inniu do mhuintir na hAlban. Thug Príomh-Aire na Breataine David Cameron cuairt ar phríomhchathair na hAlban níos túsce chun téarmaí an reifrinn ar neamhspleáchas na hAlban a aontú le Céad-Aireⁱ na hAlban, Alex Salmond. Ó tharla an comhaontú sínithe anois beidh rialtas na hAlban ag díriú ar an reifreann a reáchtáil agus deir David Cameron i nDún Éideann inniu go gcaithfí sin a dhéanamh roimh dheireadh na bliana 2014. Ceist amháin a bheas le freagairt ag pobal na hAlban, is é sin, ar cheart nó nár cheart d'Albain imeacht as an Ríocht Aontaithe.

Peadar Ó Muircheartaigh, Ollscoil Dhún Éideann

Bhuel, ar ndóigh, ní fios go fóill cén toradh a bheas ar an reifreann, tá, bhí an lá ag Alex Salmond sa mhéid is gur éirigh leis a bhaint amach as an rialtas, as rialtas na Breataine inniu, go mbeidh cead vótála ag daoine atá sé déag agus ag seacht déag, agus ar ndóigh athrú ó bhonn a bheas ansin sa reifreann áirithe sin mar is daoine óga den chuid is mó a thacaíonn le neamhspleáchas na hAlban agus ní féidir i ndáiríre, cén tionchar a bheas aige sin a thomhas ag an bpointe seo.

Áine Lally

Tar éis an comhaontú a shíniú inniu dúirt Príomh-Aire na Breataine gurb é an ceart é d'Albain agus don Ríocht Aontaithe an cheist a chur go simplí agus go díreach – an mian le hAlbain fanacht sa Ríocht Aontaithe nó í féin a scoilteadh ón Ríocht Aontaithe. Ach is ceist í seo atá i ndán a bheith casta agus teasaí go maith do roinnt de phobal na hAlban. Dhá bhliain atá acu cinneadh a dhéanamh.

Peadar Ó Muircheartaigh, Ollscoil Dhún Éideann

Tá Alex Salmond tar éis géilleadh nach bhfuil sé ag iarraidh bheith mar chuid den euro, go mbeidh an bhanríon fós mar cheann stáit agus rudaí ar an gcaoi sin le roinnt míonna agus anois an rud atá á rá ag David Cameron nó, nach mbeidh na buanna seo ag Albain má tá sí neamhspleách agus nárbh fhiú, dá bhrí sin, nárbh fhiú di bheith neamhspleách ar chor ar bith. Áine Lally, Nuacht TG4.

ⁱ *Chéad-Aire a deirtear*